



# **SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA**

**2001**

**EALAÍN**

**Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal**

**Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora**

## Ábhair

	Réamhrá	3
Ardleibhéal	Freagairt na nIarrthóirí	4
	An Fhreagairt a Analaísiú	5
	Tráchtanna agus Moltaí	17
Gnáthleibhéal	Freagairt na nIarrthóirí	18
	An Fhreagairt a Analaísiú	19
	Tráchtanna agus Moltaí	29
	Aguisíní	30

## Réamhrá

Baineann na codanna a leanas le scrúdú na hArdteistiméireachta san Ealaín: Cumadóireacht Shamhlaíoch, Ábhar Neamhbheo, Gréaschóiriú, Obair Cheardaíochta, Sceitseáil Bheo-Ábhair mar aon le Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne. . Déanann iarrthóirí roghnú idir Cumadóireacht Shamhlaíoch is Ábhar Neamhbheo agus idir Gréaschóiriú is Obair Cheardaíochta. Ní mór do gach iarrthóir tabhairt faoi Sceitseáil Bheo mar aon le Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne. Déantar Cumadóireacht Shamhlaíoch, Ábhar Neamhbheo agus Gréaschóiriú is Obair Cheardaíochta a ualú ag 100 marc araon. Déantar Sceitseáil Bheo-Ábhair a ualú ag 50 marc agus Stair is Léirthuisicint na hEalaíne ag 150 marc.

**Agus an tuarascáil seo á léamh agat, ba chóir duit tagairt a dhéanamh do na páipéir scrúdaithe 2001 mar aon leis na scéimeanna marcála ábhartha. Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil dearbhthacaíocht a thabhairt don mhodh teagaisc agus don phróiseas foghlamtha.**

# 1. Ardleibhéal

## 1.1 Freagairt na nIarrthóirí

Sa bhliain 2001 do roghnaigh 6450 iarrthóir an t-ábhar Ealaíne sa scrúdú. Ón bhliain 1999 i leith tá feabhas tagtha ar an líon d'iarrthóirí a ghnóthaigh an grád C. Sa bhliain 2001 do ghnóthaigh 76.2% na gráid A, B agus C, curtha le chéile, agus b'shin méadú de 7% ar an bhliain 2000 agus méadú de 23.5% ar 1999. Chun grád A1 a bhaint amach, ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fheabhas i ngach ceann de na ceithre chuidí den scrúdú. Sa bhliain 1999 do ghnóthaigh 3.9% d'iarrthóirí an grád A; 4.8%, méadú de 0.9%, an céatadán comhfhreagrach don bhliain 2000 agus 3.9% an ceatadán don bhliain 2001. Sa bhliain 1999 do ghnóthaigh 21% d'iarrthóirí an grád B agus d'ardaigh an líon sin chomh mór le 27.9% sa bhliain 2001. Sa bhliain 1999 do ghnóthaigh 38.8% d'iarrthóirí an grád C agus d'ardaigh an líon sin chomh mór le 44.4% sa bhliain 2001. De réir mar a thagann feabhas ar an líon de ghráid C, tagann laghdú ar an líon de ghráid D. Sa bhliain 1999 do ghnóthaigh 31% d'iarrthóirí an grád D i gcomparáid le 27.1% sa bhliain 2000 agus 22.4% sa bhliain 2001. Tá laghdú tagtha anois ar an líon d'iarrthóirí a theipeann orthu grád D a ghnóthú san Ealaín ag an Ardleibhéal. 5.4 % an céatadán a ghnóthaigh na gráid E, F agus NG, curtha le chéile, sa bhliain 1999. Tháinig laghdú chuig 3.8% ar an gceatadán sin sa bhliain 2000 agus laghdú fós chuig 1.3% sa bhliain 2001.

Tábla de Ghráid don bhliain 2001: n = 6450

A	B	C	D	E	F	NG
3.9	27.9	44.4	22.4	1.2	0.1	0.0

Mionsonraí ar na gráid don bhliain 2001: n = 6450

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1.2	2.7	5.6	9.4	12.9	15.6	15.6	13.2	10.6	7.3	4.5	1.2	0.1	0.0

Cuirtear na táblaí gráid de thorthaí na blianta 1999, 2000 agus 2001 i láthair le chéile in Aguisín A.

## **1.2 An Fhreagairt a Analaisiú**

### **1.2.1 Cumadóireacht Shamhlaíoch**

Níor roghnaigh ach céatadán níos lú ná 10% an Chumadóireacht Shamhlaíoch. De bhrí gur soláthraíodh spreagadh éagsúil don íomhá sa sleacht tuairisciúil, bhí raon leathan de dheiseanna radharcacha ag iarrthóirí le haghaidh spreagtha ealaíonta. Chuaigh go leor ionad le saineolaíocht in aon teicníocht/ stíl/ meánabhar amháin seachas cead a chinn a tabhairt d'iarrthóirí a stíl fhéinigh a fhorbairt sa mheánabhar b'ansa leo. Bhí laghdú i mbliana ar chumadóireacht theibí nó mhothaithe nó chiúbachais agus cuirtear an bhéim fós ar réalachas agus ar nádúrachas mar na roghnaithe stíle. Baineadh feidhmiú ar fheabhas as dathanna agus b'shin an tsaintréith ba láidre in obair na Cumadóireachta Samhlaí. Líon mór de na heaspaí a luadh i dtuarascáil na bliana 1998, bhí siad chun tosaigh arís i scrúdú na bliana seo. Ábhar amháin inní is ea an doicheall atá ar iarrthóirí íomhá bunaithe ar dheilbh a chumadh sa Chumadóireacht Shamhlaíoch. Ag na leibhéil A, B agus C ard do léirigh na hiarrthóirí an cumas a bhí iontu i sceitseáil deilbhe sa Sceitseáil Bheo-Ábhair ach níor bhain siad feidhm as an gcumas sin i gcomhthéacs na Cumadóireachta Samhlaí. Ní foláir nó go raibh easpa in aistriú eolais ó chomhthéacs amháin scrúdaithe chuig ceann eile.

### **1.2.2 Ábhar Neamhbheo**

Do léirigh na hiarrthóirí maithe cur chuige a bhí muiníneach agus dearbhaithe maidir le rudaí a chur in iúl. Bhí líon mór pictiúirí a bhí ar fheabhas ag na leibhéil A, B agus C san Ábhar Neamhbheo a chruthaigh láidreacht agus beocht sa mharc-chumadh agus i láimhseáil dathanna agus uigeachta. Samhlaíodh gur chuaigh a leithéid d'iarrthóirí maithe ar tóir pointe tosaithe a bhí suimiúil go haestéitiúil agus ealaíndúshlánach san eagar a thogh siad san Ábhar Neamhbheo. Mar sin féin bhí deacrachtaí le sárú ag iarrthóirí measartha maidir le próisis a bhain le cur in iúl agus de thoradh sin bhí a gcuid oibre leamh. Ceal spontáineachta, bhí sí claonta ar bheith foirmiúlach. Rinne na hiarrthóirí ardteicniúla, ar ardmharcanna iad, nasc suimiúil idir cumadóireacht agus dromchlaí go raibh bailchríoch orthu a cuireadh ar fáil le hardsnas agus le

harduigeacht. Ar an lámh eile, áfach, cé gur rinne na hiarrthóirí sin, ar mheánmharcanna iad, iarracht chun a leithéid chéanna a chur i gcrích, níor éirigh leo ach léaráidí nó pictiúir a chur i láthair go raibh an iomad oibre ag baint leo. Bhí cáilíocht na bhfreagraí a thug iarrthóirí, ar ísealmharcanna iad, neamhchleachtach agus bhí na scileanna cumadóireachta a nochtaigh siad mí-éifeachtúil. Tar éis na sleachta tuairisciúla a léamh, ní mór don iarrthóir féinigh roghnú agus eagar pearsanta a dhéanamh ar na réada don chumadóireacht ar Ábhar Neamhbheo. Tá tionchar ag an roghnú agus ag an eagar sin ar an léaráid nó ar an bpictiúr deireanach san Ábhar Neamhbheo. Braitheann an toradh deireanach radharcach ar an eagar a thoghtar i dtús báire. Chun an cur chuige sin a chomhlíonadh, iarrann an páipéar scrúdaithe ar na hiarrthóirí a gcuid réad aonair féin, bunaithe ar an sliocht tuairisciúil, a roghnú agus an t-eagar pearsanta don Ábhar Neamhbheo a chumadh ansan. De réir na fianaise in ionaid ar leith, ní mar sin a tharla agus rinneadh an obair ó eagar comhchoiteann don Ábhar Neamhbheo.

### ***1.2.3 Gréaschóiriú***

Bhí an sliocht tuairisciúil bunaithe ar shaol agus ar obair Edward James, an patrún Osréalach. Thug sé cuireadh d'iarrthóirí conar samhaltach seiftiúil a leanúint agus do roghnaigh an formhór an gréaschóiriú grafach. Chomh maith le sin do roghnaigh líon áirithe iarrthóirí maithe, a d'aithin gréaschóiriú tualainghe, ceistanna as na roghnaithe ar bheag éileamh. Lasmuigh díobh sin thuas, bhí an caighdeán oibre sa Ghréaschóiriú íseal go leor cé go raibh feabhas de shaghas éigin ar an gcur chuige san iomlán. Bhí lagthuiscint, ach go háirithe, le feiceáil sa phróiseas an ghréaschóirithe (mar continuum a bhaineann le taighde, le forbairt agus le tátal) ina n-áirítear, fiú amháin, na hiarrthóirí sin a chruthaigh go maith sna codanna eile den scrúdú. Níor rinneadh dothain forbartha ar na modhanna a bhain le rianú go mór mór agus gréaschóiriú i gceist. Ní foláir nó gur rinneadh neamhní don leagadh amach agus don chur i láthair sa teagasc. Do thaispeáin na hiarrthóirí sin, sa raon íseal marcanna, go minic nár thuig siad na gnéithe praiticiúla radharcacha a bhain leis an disciplín ceardaíochta nó radharcach in a raibh siad gafa. Coincheap an gréaschóirithe mar thasc pleanála críochnúil, is annamh a tuigeadh a léithéid. Baineadh feidhm go fíormhinic as foirmle san obair a bhain le postaer nó le peannaireacht a dheardh. I gcuid de na hionaid scrúdaithe, bhí sé deacair stíl aonair an iarrthóra a shainiú.

mar gur bainadh feidhm as *stíl scoile* maidir le clóghrafaíocht, maidir le samhlaíocht agus maidir le láimhseáil. Sna hionaid scrúdaithe seo bainead feidhm as ciumhaiseanna ildaite agus as móitíf ildaite eile go rialta cé nach raibh siad oiriúnach go minic do na téamaí a bhí á n-iniúchadh ag iarrthóirí mar fhreagairt ar an sliocht tuairisciúil.

Bhain na hiarrthóirí, ar ardmharcanna dóibh agus ar thuig próiseas an ghréaschóirithe, feidhm chuí as na bileoga ullmhúcháin agus na réamhbhileoga. Do rinne siad géariniúchadh ar an sliocht tuairisciúil agus bhí siad ag brath go mór ar ábhar féinghiniúna ábhartha riachtanach a baineadh feidhm as, ina dhiaidh sin, i sli éigin chun raon smaointe gréaschóirithe a ghiniúint. Do thuig na hiarrthóirí, ar ardmharcanna dóibh, de shíor, na teorainneacha a bhain leis an gceird ar leith go raibh siad gafa léi agus cad d'fhéadfaí a dhéanamh léi. Ar an lámh eile, bhí na hiarrthóirí sin, ar íseal marcanna doibh, claonta ar neamhshuim a thabhairt do luach agus ábharthacht an ábhair a luaigh siad ar na bileoga ullmhúcháin agus ar na réamhbhileoga. Bhí sé de nós acu feidhm a bhaint as ábhar mar shleachta as iriseáin mar aon le íomhánna fánacha agus litreoireacht gan baint acu le chéile. Bhí sé soiléir nár rinne siad dianmhachnamh cruthaitheach ar an sliocht tuairisciúil agus nár rinne siad dothain ullmhúcháin chun an disclípin ceirde a thogh siad a ghréaschóiriú. Gan an tuiscint seo ar shaintréithe radharcacha na ceirde ar leith a bheith ag iarrthóirí, bheadh fuascailt iomchuí an ghréaschóirithe dodhéanta.

#### **1.2.4 Obair Cheardaíochta**

##### **Ceist 1: Leabharcheardaíocht**

Do chuir an líon beag iarrthóirí a roghnaigh an Leabharcheardaíocht obair ar fheabhas i láthair. Do thaispeáin na hiarrthóirí gurb eol dóibh, go ginearálta, an seicheamh a bhí i gceist i gcur i gcrích na ceardaíochta trí an dul chun cinn agus an fhorbairt a gcuid smaointe a thairfeadh. Bhí líon beag iarrthóirí laga a chuir sceitsí i láthair ar bheag an bhaint a bhí idir iad agus an cheird dheireanach. Áirítear sna hábhair a úsáideadh, páipéar cabhraíochta lámh-dhéanta mar aon le roghnú samhlaíoch de naisc a rinne feidhmiú na míre a fhrithchaitheamh. Sa chás go raibh caighdeán na hoibre íseal, is é a bhí faoi deara sin ná ceal cleachta ar úsáid a bhaint as ábhair ábhartha agus as an mbailchríoch.

Ceist 2:        **Peannaireacht**

Bhí scileanna agus samhlaíocht chun tosaigh san obair dheireanach a chuir iarrthóirí ar fáil mar fhreagra ar an gceist ar an bpeannaireacht. Do thaispeáin na tús-sceitsí deaphleanáil sa mhéid gur roghnaíodh an stíl agus an cló a chuirfeadh snas ar an eagar deireanach. I gcás na n-iarrthóirí maithe, do thaispeáin siad scileanna maidir le spásáil, maidir le leanúnachas stíle agus maidir le dathanna a chur i bhfeidhm. Bhí formhór iarrthóirí eolach faoi spásáil dheimhneach agus dhiúltach agus do rinne siad an t-eolas sin a chur i bhfeidhm chun aoibh an téacs a léirmhíniú. Baineadh deafeidhm as dathanna tríd síos maidir le colláis, níocháin agus samhlaíocht. Mar sin fein, chonacthas go raibh easpa comhsheasmhachta i saothar roinnt iarrthóirí de bharr easpa cleachta bh'fhéidir.

Ceist 3:        **Póstaer**

Bhí an t-éileamh ba mhó ag baint leis an roghnú seo. Bhí na híomhánna agus an leagadh amach go han-láidir agus soiléir, an teachtaireacht so-thuigthe i gcónaí. D'athraigh an léirmhíniú ón ngrafach go dtí an soiléiriú agus thaispeáin siad an tábhacht a bhaineann le teachtaireachtaí a bhíonn simplí agus soiléir. Go ginearálta bhí an teicníocht go han-mhaith ina n-áiríodh clóghrafaíocht pearsanta, colláis agus íomhánna daite agus stensail. Bhí an-éileamh ar cholláis agus bhí toradh éifeachtach uirthi. Baineadh feidhm as páipéar a bhí lámhdhéanta, lámhdhaite agus uigeach. Bhí toradh maith, freisin, ar úsáid dathanna i líon mór de phóstaeir rathúla. Bhí go leor póstaer dubh agus bán go han-éifeachtach sa mhéid a bhain le cruthanna deimhneacha agus diúltacha, le scáthphictiúr, le rithim agus le gréas. Bhí an leagan amach ar fheabhas ar fad agus do chruthaigh na hiarrthóirí go rabhadar muiníneach astu féin agus iad ag obair laistigh de na meánabhair éagsúla. Anois is arís bhí deacrachtaí ag iarrthóirí sna gráid C agus D an tsamhlaíocht ghrafach agus an chlóghrafaíocht a armónú.

Ceist 4:        **Fíodóireacht**

Bhí lán de shamhlaíocht ag baint leis na samplaí fíodóireachta a cuireadh i láthair mar fhreagra ar an gceist seo. D'éagsúlaigh an léirmhíniú ón phictiúrtha go dtí an teibíocht agus baineadh feidhm as ábhar ard-uigeachta agus as trealaimh mhaisiúla chun torthaí a chur i láthair in ard-relíf. Rinneadh iniúchadh agus taighde a thaifeadadh i gcuid ba



mhó den saothar ullmhúcháin agus den réamhshaothar. I gcásanna ar leith rinneadh cairteacha daite agus samplaí de snáth ábhartha a iomshlánú isteach i bpróiseas an deartha. Do thaispeáin formhór iarrthóirí go raibh scileanna maithe acu tríd an domhaintuiscint a bhí acu ar an tábhacht a bhain le teannas ceart sa bhfreang agus san inneach, le aonfhoirmeacht na béime, le comhghlasáilte agus le déadacht.

Ceist 5:        **Líonóilghearradh**

Na hiarrthóirí sin a chruthaigh go maith san líonóilghearradh, do thaispeáin siad gur thuig siad an tábhacht a bhain le samhlaíocht shoiléir, le clárú agus le eolas maith ar forphriontáil. Rinneadh adhmádghearrthacha a thionscnamh i ndá ionad i mbliana. Formhór iarrthóirí, do rinne siad priontaí um thrí dhath a tháirgeadh agus do bhain siad feidhm as cruth, as líne, as uigeacht agus as cothromú chun a gcuid comhdhéanaimh a thaispeáint. Baineadh feidhm chruthaitheach as páipéar um chúlra daite chun torthaí láidre a chur in iúl agus ní taise do phriontáil monacrómatach le dathanna a bhí gorm, corcra agus dearg.

Ceist 6:        **Puipéadacht**

Do chuir na scrúdaitheoirí in iúl go raibh ard-chaighdeán sna freagraí. Bhí an líníocht ar fheabhas sna meáin éagsúla ina n-áirítear leachtdath um pheann luaidhe agus uiscedhath. Samhailítear gur bhain na hiarrthóirí an-sult as an dúshlán chun carachtar a fhorbairt agus do bhain siad feidhm as éifeachtaí corraitheacha chun a leithéid a chur i gcrích. Bhí an léirmhíniú samhlaíoch agus an roghnú a rinneadh ar gabhálais agus ar fhabraic, do chabhraigh sé sin le beocht a thabhairt don charachtar. Fadhbanna meicniúla is mó a bhí i gceist agus áirítear iontu siúd codanna aonair nach raibh gluaisne futhu, cinn a bhí ró-throm mar aon le slata agus téada a bhí ró-gherr.

Ceist 7:        **Scáilphriontáil**

Ní raibh ach líon beag iarrthóirí a chur isteach ar Scáilphriontáil. Bhí an chaighdeán neamhbhuan. Go ginearálta, bhí na tús-sceitsí samhlaíoch agus ornáideach. Go ginearálta, do bhain na hiarrthóirí úsáid éifeachtach as gréas sa mhéid gur chuir siad cruthanna deimhneacha agus diúltacha san áireamh mar aon le gluaisne, rithim agus uigeacht. Bhí na cruthanna soiléir san obair mhaith agus áiríodh ionte, forphriontáil agus clárú beacht. I gcás na n-iarrthóirí sinn nár éirigh go rí-mhaith leo, bhí smearthaí le feiceáil san obair dheireanach mar aon le clárú neamhbheacht agus sceitheadh.

Ceist 8:        **Teicstíil Lámhphriontála**

Dar leis na scrúdaitheoirí, bhí ardchaighdeán le feiceáil anseo. Chuaigh an raon léirmhínithe ó íomhánna pictiúrtha go dtí cur chuige samhaltach. Bhí an cruth agus an

meascán dathanna le feiceáil i gcuid den obair. Do bhain formhór iarrthóirí feidhm as forphriontáil agus clárú ach níor éirigh go ró-mhaith leo nuair a roghnaigh siad móitífeanna coimpléascacha. I gcás na n-iarrthóirí sin ar éirigh go maith leo, do chruthaigh siad go maith in úsáid uirlisí. Do léirigh obair na lag-iarrthóirí nach raibh siad eolach go leor ar dheardh ná ar scileanna na ceirde.

Ceist 9:        **Baitic**

Do léirigh na hiarrthóirí go raibh eolas ar fheabhas acu ar na nósanna imeachta a bhain le Baitic. Go ginearálta, bhí na dearáí oiriúnach agus báúil don cheird. Do chomhlánaigh formhór iarrthóirí an próiseas go rathúil agus ina leith sin do thaispeáin siad scileanna sna teicníochtaí ábhartha ina n-áirítear tumadh, scoilteadh agus feidhmiú as an uirlis *tjanting*. I gcás iarrthóirí laga, bhí an claonadh ann an dath a bheith neamhshoiléir agus an dearadh neamhéifeachtach. I gcásanna áirithe, bhí an claonadh ann an iomad lámhphéinteála a úsáid, agus ní bheadh súil leis an gcleas sin, ach go hannamh, i gceird na baitice.

Ceist 10:       **Criadóireacht**

Na hiarrthóirí sin a roghnaigh criadóireacht, d'éirigh go rí-mhaith leis an bhformhór. Dúirt na scrúdaitheoirí go raibh sé soiléir gur thuig na hiarrthóirí an teorainn a bhí leis an gceird agus leis an ábhar ar a raibh siad ag obair. Bhí ceardaíocht mhaith le feiceáil i bhformhór na potaí a caitheadh. Bhí na dearáí le haghaidh na gcruthanna lámhthógála oiriúnach, go ginearálta, agus thaispeáin siad go raibh na hiarrthóirí eolach ar an tábhacht a bhain le struchtúr, le scála agus le bailchríoch.

Ceist 11:       **Bróidnéireacht**

Rinne comhcheol, dathanna agus éifeachtaí maithe tadhlacha an bhróidnéireacht a léiriú ag an Ard Leibhéal. Do thaispeáin na sceitsí gur rinneadh taighde roimh ré agus méadaíodh air sin trí réiteachaí deartha a fhorbairt mar aon le hábhair agus teicníochtaí a fheidhmiú. Léirmhíniú traidisiúnta is mó a bhí i gceist go minic ach bhí roinnt iarrthóirí ann a chuir cur chuige comhaimseartha i láthair. Cuirtear fáilte leis an bhforbairt sin. Baineadh feidhm as snáthanna traidisiúnta mar is gnáthach agus chomh maith le sin baineadh feidhm as ábháir is cúlraí uigeacha agus as rudaí is oiriúintí athchúrsáilte. Ar na teicníochtaí ar baineadh feidhm astu bhí *appliqué*, lámhfhuaíl agus innealfhuaíl.

Ceist 12:       **Snoíodóireacht Adhmaid**

An dearadh a bhí in aigne roinnt iarrthóirí, bhí sé ró-chasta dóibh agus neamh-oiriúnach le haghaidh snoíodóireachta. Chabhródh pleanáil agus ullmhúchán níos

fearr leo sna cúinsí sin. Do cheap na scrúdaitheoirí nach raibh leor eolais agus scileanna ag iarrthóirí ar úsáid uirlisí agus do mhíl sé sin ar an déanamh deireanach go minic. Formhór iarrthóirí do roghnaigh siad oibriú i rilíf íseal agus ina leith sin do thaispeáin siad go raibh eolas acu ar an seicheamh a bhí le comhlíonadh i láimhseáil adhmaid. Mar sin féin bhí aithne spáis in easnamh i bhformhór na hoibre shaorsheasaimh cé go raibh an chomhréir agus an mhais láidir go leor.

#### Ceist 13:      ***Miotalóireacht***

Do léirigh an líon beag iarrthóirí a roghnaigh an mhíotalóireacht gur thuig siad aithne radharcach go rí-mhaith agus do thaispeáin siad go raibh eolas ar fheabhas acu ar gach gné den cheird ó na tús-sceitsí go dtí an táirge deireanach. Ba grafach, samhlaíoch agus praiticiúil formhór na léirmhínte. Do léirigh an saothar scileanna, muinéach agus eolas maith ar ábhair. Baineadh feidhm as cruthanna teibí chun smaointe a léirmhíniú agus do chabhraigh an roghnú ar chruain dhaite na téamaí roghnaithe a chomhlánú. I ndeireadh thiar bhí ardchaighdeán ar an obair.

#### Ceist 14:      ***Múnlóireacht***

Bhí éagsúlacht le feiceáil sa chur chuige anseo a rith ó obair fhíortha réadach go dtí stíl a bhí níos teibí ná sin. Ba cré, cré cheirmeach, sreang agus cruach na hábhair ba mhó a baineadh feidhm astu agus baineadh úsáid freisin as dathanna agus ábhair fheidhmeacha go minic chun an éifeacht dheireanach a fheabhsú. Taispeánadh ardchaighdeán teicníochtaí ina n-áirítear scileanna sa mhúnlóireacht, sa snoíodóireacht agus sa tógáil. Chonacthas feidhmiú as solas, cuidí chomhachtach radharcach i snoíodóireacht 3D, in obair iarrthóirí maithe áit ar baineadh úsáid as solas chun béim a chur ar phlánaí agus ar uigeacht san obair gan phéinteáil. Tugadh aithne, freisin, d'éifeachtaí an tsolais sna freagraí a fuarthas sa mhúnlóireacht rilífe.

### **1.2.5    *Sceitseáil Bheo-Abhair***

Bhí sé soiléir i gcas na n-iarrthóirí anseo gur rinneadh dianchleachtadh ar sceitseáil bheo-ábhair thar tamall fada. Bhí ardmhuinín ag na hiarrthóirí sin as marcáil amach agus bhí líofacht thar an ghnáth sna ráitis ghrafacha agus sa smacht a thaispeáin siad sna baill chomhchumaisc. Ar an lámh eile, i gcas iarrthóirí laga, níor thaispeáin siad an mháistreacht sin a bheadh ag teastáil chun léiriú grafach 2D a dhéanamh don chuspa.

Ba é an locht ba mhó a léirigh iarrthóirí measartha san sceitseáil bheo-ábhair ná gnéithe a bhain le comhréir. Ba chóir do mhúinteoirí scileanna comhréire an iarrthóra

a chur san áireamh nuair a mholann siad don dalta an leibhéal scrúdaithe is oiriúnaí dóibh. An dara locht ba mhó minicíocht i gcás iarrthóirí san saolsceitseáil ná mionsonraí bochta ar gnéithe lámh, cos agus aghaidh. I Staidiúir 2, i gcás iarrthóirí laga, bhí an sceitseáil meicniúil agus mionchúiseach agus ba thuairim na scrúdaitheoirí nach raibh na scileanna ach ionann leo siúd san Teastas Sóisearach. Na hiarrthóirí sin a bhain ardghráid amach, bhí na scileanna riachtanacha breathnóireachta ar a dheis acu agus do chabhraigh sé sin leo an chomhréir agus na mionsonraí a líniú. Bhí na scrúdaitheoirí ar aon fhocal faoin an méadú ar an úsáid a baineadh as péint, as peann is dúch, as pastail chailce agus as criáin ola, agus bhí failte acu roimh a leithéid. Bhain líon mór iarrthóirí maithe feidhm as gnáthpheann luaidhe graifít sa chéad staidiúir agus ansan rinne siad athrú chuig meán casta mar phastail chailce nó chuig meán daite sa dara ceann. Rinneadh an fhíor iomlán a líniú ag formhór iarrthóirí sa dara staidiúir. An dúshlán a bhí lonnaithe sa bhfíor ar a glúine sa staidiúir seo, thug sé an deis d'iarrthóirí a gcuid inniúlachtaí teicniúla agus breathnóireachta a léiriú. Na hiarrthóirí sin go raibh dian-ullmhúchán déanta acu, bhí siad in ann an ceann faoi a léiriú go beacht ó thaobh anatamaíochta de agus le féith ealaíonta. Do bhain na hiarrthóirí sin sárfeidhm as solas is scáth chun na fíoracha a léiriú agus chun na toirteanna a aibhsiú.

Tharla i roinnt ionad gur roghnaigh na hiarrthóirí a gcuid staidiúirí féinigh seachas an ceann a tugadh ar an bpáipéar scrúdaithe. Ní mór d'iarrthóirí an staidiúir a thugtar ar an bpáipéar scrúdaithe a líniú. Mar bhreis air sin, sa dara staidiúir do chuir na hiarrthóirí go rí-mhinic an bhéim ar an gcloigeann amháin nó ar an aghaidh amháin dá mba gur portráid a bhí i gceist. Is é atá ag teastáil ná radharc um chloigeann is ghuaillí nó leathfhíor iomlán.

## 1.2.6 *Stair agus Léirtheiscint na hEalaíne*

### ***Ránnóg 1 – An Ealaín in Éirinn***

Ceist 1: Seo í an cheist ba mhó éileamh ar an bpáipéar. Do léirigh na freagraí maithe ar an gceist seo go raibh tuiscint mhaith ag iarrthóirí ar fhoirm, ar fheidhm, ar mhaisiú agus ar mhíotalóireacht. Bhí sé comónta go leor anailís choimhsitheach a fháil ar mhaisiú agus do rinne na freagraí mionsonraithe tagairt don fheidhm dheasghnách d'fhéadfadh a bheith ag an *Loughnashade Trumpet*. Go minic, áfach, níor rinneadh tagairt ar bith do na teicníochtaí a bhí i gceist i dtáirgeadh na réad. D'fhéadfaí úsáid níos mó a bhaint as na léaráidí nó as na sceitsí chun na teicníochtaí míotalóireachta a chur in iúl.

Ceist 2: Bhí an cheist seo dírithe ar na hiarrthóirí sin go raibh eolas maith breacríonaithe acu ar lámhdhéantúsáin agus ar fhoirgnimh na tréimhse. Bhí tuiscint níos fearr ag iarrthóirí ar mhíotalóireacht agus ar lámhscríbhinní ná mar a bhí acu ar ailtíreacht agus ar shnoíodóireacht chloiche. De ghnáth do chruthaigh na hiarrthóirí go maith sa cheist seo.

Ceist 3: Cé go bhfuil saibhreas de Ghotach Éireannach, mar shampla, in iarthar na hÉireann, bhí an claonadh go forleathan ann díospóireacht a dhéanamh ar Ghotach na Mór-Roinne seachas ar Ghotach Éireannach. Do léirigh na hiarrthóirí tuiscint níos fearr ar struchtúr na bhfoirgneamh seachas ar a maisiúchán. Ba bheag an tagairt a rinneadh do shamplaí áitiúla de dhealbhoireacht Ghotach.

Ceist 4: Bhí sé de chlaonadh ag iarrthóirí gan eolas coimhsitheach a bheith acu ach ar ailtíre amháin sa liosta. Cé gur rinneadh tagairt do na príomhshamplaí d'fhoirgnimh Sheoirseacha Éireannacha atá ar fáil sna téacsanna, do bhain an díospóireacht b'éifeachtúla le struchtúr seachas le maisiú. Ba bheag an líon iarrthóirí a rinne tagairt do na bunúis Chlasaiceacha de mhaisiúchán agus d'fhoirmeacha ailtíreachta Seoirseacha. Ba bheag an tagairt a rinneadh do shamplaí as limistéir áitiúla na n-iarrthóirí.

Ceist 5: Déirigh iarrthóirí níos fearr sa chuid sin a bhain le Paul Henry. Na freagraí ba lú éifeacht, d'éirigh siad as eolas réamhfhoghlama nó as nótaí athdhéanta a theip ar tuiscint ar bith a léiriú ar obair aeistéitiúil nó ar éacht ealaíonta na n-ealaíontóirí san áireamh. Níor rinneadh plé go minic ar na pictiúir.

Ceist 6: Bhí caighdeán na bhfreagraí, nach ró-líonmhar iad, a chuireadh i láthair anseo ar fheabhas ar fad. Do léirigh cuid mhaith de na freagraí sin go raibh na

hiarrthóirí eolach go maith ar obair Jellett agus a modhanna saothair ó thréimhsí éagsúla dá saol. Rinneadh tagairt iomchuí go minic do thionchar an Chiúbachais go ginearálta agus do Lhote agus Gleizes, ach go háirithe.

Ceist 7: Chuir na scrúdaitheoirí in iúl go raibh ardchaighdeán sna freagraí anseo. Ba William Leech an t-ealaíontóir ba mhó éileamh le haghaidh díospóireachta. Ba bheag an líon freagraí a fuarthas ar Harry Clarke agus ar Eileen Gray. Freagraí ar íseal marcanna, chuir siad an bhéim ar bheathaisnéis gan croílár na ceiste a aitheasc.

## **Ránnóg 2 – An Ealaín Eorpach**

Ceist 8: Cruthaigh formhór iarrthóirí a roghnaigh an cheist seo go maith inti. Mar sin féin, bhí cuid de na freagraí neamhéifeachtach de bhrí nár rinne siad na cáilíochtaí liostaithe de shaothar Gislebertus a phlé ach iad ag brath ar fhreagraí de ghlanmheabhair acu nár rinne gach gné den cheist a aitheasc.

Ceist 9: Cé go raibh éileamh mór ar an gceist seo, níor freagraíodh go hiomlán í go minic. Rinneadh plé ar dhealbhóireacht níos minicí ná ar phéintéireacht. Na ceisteanna a ghnóthaigh ardmharcanna, rinne siad an dealbhóireacht a iomlánú isteach i struchtúr ailtíreachta na n-ardeaglais agus luadh, go minic, dealbhóireacht fhíorach Chartres. Ní raibh eolas ró-leathan ar phríomhshaothar a bhain le péintéireacht Ghotach mar *Les Très Riches Heires* agus *The Wilton Diptych*. Bhí cuid mhaith freagraí nár rinne tagairt ar bith don dealbhóireacht nó don phéintéireacht, croílár na ceiste, ach, in ionad sin, pléadh na deiseanna struchtúracha d'ailtíreachta na nArdeaglais.

Ceist 10: Na hiarrthóirí a roghnaigh an cheist seo, cruthaigh siad go maith inti. Agus nua-nósanna Ghibertí á bplé, d'fhéadfaí tagairt sa bhreis a dhéanamh do dhealbhóireacht na tréimhse Gotaí.

Ceist 11: Go ginearálta bhí na freagraí ar an gceist seo ar fheabhas ar fad. De ghnáth, níor tuigeadh Daonnachas ach ar a shon san is uile do scríobh siad le heolas ar láimhseáil na fíorach ag Botticelli agus an fheidhm a bhain sé as dathanna. Líon mór iarrthóirí, luaigh siad *Primavera* mar an sampla ach níor rinne siad leor plé air.

Ceist 12: Freagraíodh go maith í go ginearálta. Baineadh feidhm as sceitsí go héifeachtach chun freascónna Michelangelo ar an bhfíor dhaonna a anailísiú. Na hiarrthóirí sin go raibh tuiscint acu ar a bhfaca siad agus go raibh scileanna acu ar dhéanamh pictiúir a anailísiú, bhí siad in ann, agus iad ag brath ar an léiriú a bhí ar fáil, a dhéanamh amach conas mar ar rinne an t-ealaíontóir an t-uafás oibre sin a chomhaontú. Ar an láimh eile, bhí go leor iarrthóirí ann nár rinne tagairt ar bith do na

freascónna san Séipéal Sistíneach agus rinne siad gnéithe eile de shaothar Michelangelo a phlé. Is é a bhí sna freagraí sin ná aistí curtha de ghlanmheabhair de ghnáth nó nótaí athbhreithnithe nár rinne an cheist ar an bpáipéar scrúdaithe a chur san áireamh.

Ceist 13: An líon beag d'iarrthóirí a thug faoin gceist seo, do thaispeáin siad tréithe faisnéiseacha agus éifeachtacha agus do bhain siad feidhm as a gcuid eolais, a gcuid léirthuisicinte agus go minic a gcuid díograise don Osréalachas. Bhain na hiarrthóirí úsáid an-mhaith as sceitsí chun tacaíocht a thabhairt don phlé ar chomhshuíomh agus ar iomháineachas. An ghné a bhain le *comparáid agus codarsnacht* sa cheist seo, bhí na freagraí uirthi neamhéifeachtach.

Ceist 14: Ba bheag an líon iarrthóirí a thug faoin gceist seo.

Ceist 15: Bhí ar iarrthóirí saothar ealaíne a roghnú a rinne meaitseáil leis an rangú faoi chaibidil sa cheist. Bhí an t-éileamh ba mhó ar na codanna (a), (b), (d) agus (f). Na hiarrthóirí um ardmharcanna, do roghnaigh siad samplaí iomchuí agus thug siad freagraí iomlána ar na téamaí. Ar an láimh eile, áfach, bhí sé de chlaonadh ag iarrthóirí laga samplaí neamhoiriúnacha a thoghadh agus ábhar de ghlanmheabhair a aththáirgeadh nach raibh baint ar bith aige leis na téamaí sa cheist. An deis a fuarthas chun a gcuid tuairimí féinigh a iomlánú isteach sna freagraí, níor baineadh feidhm aisti fiú ag iarrthóirí a chruthaigh go cumasach sa chuid eile den cheist.

Ceist 16: Mar ar léiríodh sna freagraí ar fheabhas anseo, bhí tuiscint an-mhaith ag iarrthóirí ar thionchar na healaíne agus na grianghrafadóireachta Seapánaí ar shaothar Degas agus tugadh tacaíocht dó trí sceitsí éifeachta a fheidhmiú. Is iad na samplaí eile a luadh ná na péintéireachtaí bailé nó na pastail de Degas. B'annamh a luadh a chuid portráid nó a chuid radharc de rásaíocht na gcapall.

Ceist 17: Thug iarrthóirí maithe freagraí ar fheabhas ar Manet agus ar an dá phéintéireacht eile den nocht. Tugadh Botticelli mar aon le Giorgione agus Matisse mar shamplaí go minic. Bhí freagraí eile lochtach de bhrí nár rinne siad gnéithe na ceiste a aitheasc. Na hiarrthóirí sin nár chruthaigh go maith, theip orthu péintéireachtaí den nocht as tréimhsí eile i stair na healaíne a phlé de bhrí gur rinne siad aistí a bhí curtha de ghlanmheabhair a tháirgeadh. Níor bhain a leithéid d'iarrthóirí mórán úsáide as an léiriú a tugadh.

Ceist 18: Chuir formhór iarrthóirí, a thug faoin cheist seo, freagraí ar fheabhas i láthair. Tugadh faoin téama *ainnise dhaonna* le díograis agus baineadh úsáid chuí go rí-mhinic as na léirithe a bhí ar fáil chun anailís a dhéanamh ar na meáin amhaire agus ar na hábhair. Rinneadh plé ar thréimhsí ciúbacha agus nuachlasaiceacha Picasso agus luadh sleachta as *Guernica* go minic. Bhí an cur síos éifeachtach go leor go ginearálta ach níor bhac na hiarrthóirí, ach go hannamh, leis na gnéithe *déan comparáid* agus *déan codarsnacht* a bhain leis an gceist seo ná leis an ghné chorrathach maidir leis an dath gorm.

### **Ránnóg 3 – Léirthuisicint**

Ceist 19: Samhlaíodh go raibh easpa coincheapa agus foclóra ann chun na gnéithe amhaire agus dealbhacha a bhain leis an Spuaic Mhílaoise mholta a phlé. Níor rinneadh plé, ach oiread, ar an gcinneadh maidir leis an dearadh ná maidir le moltaí eile don áit.

Ceist 20: Níor tugadh faoin gceist seo ach go hannamh. Comparáid idir na tréithe amhaire a bhain le péintéireacht agus le grianghrafadóireacht, freagraíodh an chuid sin níos fearr ná an chuid a bhain leis an ghné theicniúil. Níor éirigh leis na hiarrthóirí an roghnú idir na meáin a chur in iúl go soiléir. Ní raibh ach líon beag a rinne tagairt don difríocht idir íomhánna de thoradh obair innill agus obair láimhe.

Ceist 21: Maidir le (a), bhí na freagraí is fearr bunaithe ar fhógra a bheith roghnaithe go cúramach ina raibh clár *draíochta agus ollmhaitheasa* ag baint leis. Cé gur tuigeadh go maith, go ginearálta, an próiseas a bhaineann le fógraíocht, ní mar a chéile i gcás na teicníochtaí amhaire a úsáideann na déantóirí scannáin. Ní raibh i gceist ag freagraí laga ach ábhar an fhógra a aithris gan anailís, gan phlé agus gan trácht.

Maidir le (b), rinneadh scannán ar leith a ullmhú go maith agus bhí an t-eileamh ba mhó ar an scannán *Michael Collins*. Bhí líon mór freagraí ar fheabhas, a rinne plé ar gach téama a bhí de dhíth. Go minic, ámh, níor chuir na hiarrthóirí a gcuid freagraí in oiriúint do riachtanais ar leith na ceiste. I gcás freagraí laga, níor rinneadh iarracht ar bith na meáin amhaire ná na teicníochtaí a bhí i gceist a anailisiú, a phlé ná a lua ach bhíothas sásta ábhar an scannáin a aithris.

Ceist 22: Na hiarrthóirí a thug freagraí ar fheabhas ar an gceist seo, bhí eolas oibre maith acu ar phróiseasan deartha. Sa chás gur baineadh úsáid chúrmach agus anailiseach as an léiriú a bhí ar fáil, fuarthas réiteachaí samhlaíocha agus oiriúnacha. Bhí sé forleathan go leor sna freagraí gan fáthanna a thabhairt le haghaidh cinntí. Ar



an láimh eile, áfach, bhí sceitsí nó léaráidí d'aghaidhchló nó de thaobhchló nó de chúlchló faoi iamh den suíochán nó bínse a bhí in aigne acu a dhearadh agus taispeánadh go minic an suíomh i leith na dealbhóireachta.

Ceist 23: Thaispeáin na freagraí ar an gceist seo, a tugadh faoi go minic, go raibh léirthuisicint mhaith ar an bpróiseas deartha maidir le dearadh grafach. Formhór iarrthóirí, rinne siad plé éifeachtach ar shamhlaoidí, ar litreoireacht agus ar úsáid dathanna

Ceist 24: Go rí-mhinic freagraíodh an cheist seo go maith. Na hathruithe a mhol na hiarrthóirí don chistin, cuireadh cúinsí praiticiúla agus spásúla san áireamh. Na codanna ba laige, ba léaráidí nó sceitsí iad. Chuir na scrúdaitheoirí in iúl gur tugadh fáthanna le haghaidh deartha níos minicí anseo ná mar ar fuarthas i gCeist 22.

### ***1.3 Tráchtanna agus Moltaí***

Luaitear na tráchtanna agus na moltaí a leanas chun dearbhfacaíocht a thabhairt do phróiseas an teagaisc agus na foghlamtha..

- Ba chóir úsáid stíleanna neamh-nádúraíoch agus teibí a ghríosadh i gCumadóireacht Shamhlaíoch. Is féidir an tuiscint ar na hailtéarnacha seo ar réaltachas agus ar nádúrachas a fhorbairt trí staidéar a dhéanamh ar Stair agus ar Léirthuisicint na hEalaíne
- Na daltaí sin ag a bhfuil scileanna maithe acu i sceitseáil bheo-ábhair, ba chóir iad a mhealladh an láidreacht sin a fhorbairt trí fíor a úsáid san obair a bhaineann le Cumadóireacht Shamhlaíodh
- Ba chóir níos mó aire a thabhairt do **phróiseas an gréaschóirithe** fad is a bhíonn na daltaí ag ullmhú ar feadh dhá bhliain don scrúdú sa Ghréaschóiriú
- Sa scrúdú san Ábhar Neamhbheo, iarrtar ar iarrthóirí a gcuid rudaí féinigh a roghnú agus a eagrú. Ní mór na scileanna sin a chleachtadh agus ba chóir an ghné sin a bheith mar chuid den ullmhúchán a dhéanann an dalta le haghaidh an scrúdaithe. Tá go leor samplaí iomchuí ann i Stair na hEalaíne de phéintéireachtaí san Ábhar Neamhbheo agus moltar do mhic léinn a bheith eolach faoi chuid acu i dtreo is go dtuigfidis cad tá indéanta sa bhfíor ealaíne.

- Sa ránnóg a bhain le Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne, gnóthaíodh ardmharcanna sna freagraí sin ina raibh díospóireacht mhaith agus foclóir iomchuí ar fáil. Na codanna sin de na freagraí a d'éiligh *comparáid* agus *codarsnacht*, níor freagraíodh go maith iad sin, go ginearálta. Ní foláir nó go bhfuil cleachtadh béil agus scríofa níos mó de dhíth ag daltaí sa rang agus san obair baile.
- Fad is a bhíonn an staidéar ar siúl san tímthriall sinsearach ar feadh dhá bhliain, ní mór d'iarrthóirí an aire chéanna a thabhairt do anailís a dhéanamh ar thréithe amhairc um oibreacha ealaíne is a thugtar do fíricí stairiúla a chnuasach. Dá bhrí sin, is fearr is féidir le iarrthóirí ceisteanna ar léiriú a fhreagairt má bhíonn siad amharc-eolach..

## 2.1 Gnáthleibhéal

### 2.1 Freagairt na nIarrthóirí

Baineann an Tábla, thíos, le comhthorthaí na gceithre chuidí go hiomlán ag an Ghnáthleibhéal. Tugtar an miondealú de na torthaí mar chéatadáin. Bhí iomlán de 2588 iarrthóir istigh ar an scrúdú. Do ghnóthaigh 67.8% de na hiarrthóirí an grád C nó grád níos airde ná sin, 27.8% an grád D agus níor éirigh ach le 4.4% an grád D, fiú, a bhaint amach. Bhí na torthaí, nach mór, ar aon dul leo siúd leis na blianta anuas. Baineann Aguisín B leis na torthaí sna blianta 1999, 2000 agus 2001.

Tábla 1:	Ardteistiméireacht 2001						Ealaín			Gnáthleibhéal				
Iomlán	A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
2588	0.6	1.6	3.3	6.8	9.2	15.3	14.1	16.9	12.2	8.6	7.0	3.1	1.0	0.3
	67.8						27.8			4.4				

### 2.2 An Fhreagairt a Analaisiú

#### 2.2.1 Cumadóireacht Shamhlaíoch

Roghnaigh timpeall fiche faoin gcéad de na hiarrthóirí an Chumadóireacht Shamhlaíoch ag an Ghnáthleibhéal. Bhí mór-éagsúlacht i gcaighdeán na bhfreagraí. I gcásanna ar leith cuireadh saothar dea-dhéanta cumasach i láthair áit a raibh an léirthuisicint pearsanta agus samhlaíoch. Mar sin féin dealraíodh go raibh cuid mhór den saothar faichilleach agus neamh-chleachtach gan a bheith ábhartha don sliocht tuairisciúil. Iarrthóirí ar ardmharcanna iad, do thaispeáin siad domhain-tuisicint de bhail na cumadóireachta mar spás, mar scála, mar chruth, mar thon agus mar uigeacht. Bhí an-éileamh ar íomhá den seanteachín lonnaithe sa tírdhreach. Go minic, ámh, do bhain iarrthóirí feidhm as rialóirí mar chabhair don líníocht ach bhí an nós sin friththáirgiúil de bhrí go raibh an saothar i ndeireadh thiar neamshaoráideach. Is annamh a fuarthas rianú den bhfíor daonna, fiú ó iarrthóirí a thaispeáin dea-scileanna sa Chumadóireacht Shamhlaíoch. Áit a thaispeáin iarrthóirí samhlaíocht agus muinín i roghnú an mheáin, do ghnóthaigh siad ardmharcanna don *bhfreagairt phearsanta chruthaitheach*. Baineadh úsáid go minic as péint phóstaer agus as pastail chailce. Na

hiarrthóirí sin a roghnaigh oibriú le peann luaidhe nó le marcálaí, níor éirigh leo, go ginearálta, a thaispeáint gur thuig siad na baill ealaíne.

### **2.2.2 Ábhar Neamhbheo**

Roghnaigh timpeall ochtó faoin gcéad de na hiarrthóirí an tÁbhar Neamhbheo ag an Ghnáthleibhéal. Bhí mór-éagsúlacht i gcaighdeán na bhfreagraí agus fuarthas freagraí a bhí dea-chríochnaithe. Cuireann treoracha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta an dualgas ar iarrthóirí a gcuid rudaí féinigh a roghnú, an roghnú sin a bheith bunaithe ar an sliocht thuairisciúil, agus eagair phearsanta don Ábhar Neamhbheo a bhunú. Tá sé soiléir nár rinne iarrthóirí a leithéid in ionaid scrúdaithe ar leith ach gur obraigh siad as comheagar don Ábhar Neamhbheo. Cuireadh fáilte in áiteanna eile roimh an chur chuige in ar bhain iarrthóirí feidhm as súilín chun radharc gar-amhairc a roghnú agus de thoradh sin fuarthas tuairim níos fearr ar fíor, ar uigeacht agus ar dhath. De ghnáth, bhí muinín ag iarrthóirí as an meán a roghnaíodh. Chuir roinnt iarrthóirí freagraí i láthair in a raibh meascán de mheáin, a chruthaigh gur thuig siad an gaol idir ábhair agus réadteicstílí is rudaí. Cuireadh líníochtaí pheann luaidhe, a bhí go fíor-álainn, i láthair ag líon beag daltaí. Na hiarrthóirí sin a rinne obair le cailc nó le péint, theip orthu an ton a thaispeáint agus níor éirigh leo ach oireadh an fhíor a léiriú leis an modh sin. Na daltaí sin a ghnóthaigh grád D nó níos ísle, go minic bhí a gcuid oibre curtha i láthair le peann luaide nó le marcáil ar chúlra bán.

### **2.2.3 Gréaschóiriú**

Is fadhb fós í an chomhpháirt seo. Is é is coincheap an Ghréaschóirithe ann ná próiseas um réiteach faidhbe áit a dhéantar dearadh molta a fhorbairt trí chéimeanna pleanála ón gcéad mhionteagasc go dtí an réiteach deireanach, ach is annamh a thuigeann na daltaí é sin. Ba chóir go ndéanfadh saothar an iarrthóra an próiseas seo a fhritnchaitheamh ón gceist tríd síos go dtí an réiteach deireanach. Soláthraíonn na réamhbhileoga na modhanna do na hiarrthóirí chun a gcuid taighde a thaifeadadh, a gcuid smaointe a ghiniúint, a gcuid túsgholtaí a luacháil agus a gcuid réiteachaí deireanacha a fhorbairt. Ba chóir don táirge deireanach na rudaí sin thuas a léiriú agus ba chóir go mbeadh liosta d'ábhair, tomhais agus na modhanna a baineadh feidhm astu don ghréaschóiriú ábhartha, ag gabháil leis. Ar an drochuair, bhí a leithéid de phróiseas in easnamh i gcás fhormhór na hoibre ag an Ghnáthleibhéal. Anois is arís

níor rinneadh tagairt ar bith don sliocht tuairisciúil agus in a leithéid de chásanna bhí na freagraí éiginnte agus doiléir. De réir dealraimh, tá méadú ag teacht ar chlóghrafaíocht ríomhghiniúna agus mar a tharlaíonn i gcás litreoireachta de láimh, ba chóir go ndéanadh sé sin inniúlacht an iarrthóra a fhrithchaitheamh, an scála a láimhseáil agus an leagan amach a chur in oiriúint.

#### **2.2.4 Obair Cheardaíochta**

##### ***Ceist 1: Leabharcheardaíocht***

An saothar a chuir an mionlach iarrthóirí a roghnaigh an tábhar seo i láthair, do thaispeáin sé an-éagsúlacht sa cháilíocht. Sa chás go raibh cur chuige núalach i gceist, maidir le ábhair athchúrsála, mar shampla, rinne na hiarrthóirí saothar cruthaitheach agus suimiúil a tháirgeadh. Mar sin féin, is cúis díomá é nár ghlac líon mór daltaí an deis chun a gcuid deartha a fhorbairt de thoradh phróiseas na taighde agus na forbartha chun teacht ar mholadh deireanach don ghréas. Bhí an easpa sin faoi deara go leor deacrachtaí agus an mhír cheirde dá críochnú ina n-áirítear roghnú mí-oiriúnach ábhar, litreoireachta agus bailchríche.

##### ***Ceist 2: Peannaireacht***

Freagairt fhothmhar a fuarthas ar na ceistanna anseo agus rinneadh léirmhínte a tháirgeadh a bhí pearsanta agus cruthaitheach araon. Mar ar samhlaíodh, do thug na réamhsceitsí an deis do na hiarrthóirí ábhar amhairc a ghiniúint a d'fhéadfaí a fheidhmiú mar acmhainn don réamhbhileog. Bhí scileanna ag baint le hainmhithe a léiriú agus rinneadh forbairt sa bhreis orthu san réamhbhileog. San saothar críochnaithe, bhí fianaise ar fáil ar leagan amach éifeachtach, ar chothromaíocht, ar pheannaireacht oilte agus ar chlóghrafaíocht dea-oiriúnaithe. Ar an láimh eile, fuarthas leagan amach lochtach agus línte litreoireachta neamh-chríochnaithe ó iarrthóirí ar bheagán marcanna.

##### ***Ceist 3: Póstaer***

Seo í an cheist ba mhó éileamh san ábhar ceirde ag an Ghnáthleibhéal. Bhí na scrúdaiteoirí ar an tuairim gur bhain an saothar le caighdeán an Ardleibhéil. Do taispeáin na dearaí ba mhó rathúlacht gur rinne na hiarrthóirí próiseas an ghréasa a láimhseáil i modh a bhí córasach agus pleanálta. Ar an láimh eile, bhí easpa pleanála le feiceáil in obair na n-iarrthóirí laga agus de thoradh sin fágadh fadhbanna gan

réiteach. Bhain na fadhbanna sin le spásáil laistigh den téacs, le cothromaíocht, le litreoireacht agus dathú a fheidhmiú agus leis an teachtaireacht a fhágáil doiléir. Mar bhreis air sin, bhí sé de chlaonadh ag roinnt iarrthóirí iarracht a dhéanamh fógraí reatha a chóipeáil agus de thoradh sin fágadh i gcruachás iad de bhrí nach raibh léirmhíniú pearsanta ná forbairt smaoinne i gceist.

Ceist 4:            ***Fíodóireacht***

Níor chuir ach líon beag isteach ar an roghnú seo. Go ginearálta, níor thuill an obair ach marcanna ísle mar níor tugadh leor aire do uigeacht, do éifeachtaí 3D, do ghabháiltais agus do bhailchríoch. Bhí easpa pleanála agus réamhfhéachainte ag baint leis an réamhobair.

Ceist 5:            ***Líonóilghearradh***

Do léirigh iarrthóirí gur thuig siad na céimeanna tábhachta a bhaineann le chlódóireacht bhloclíonóile. Bhí na torthaí is éifeachtaí le feiceáil sa chás gur baineadh feidhm as dearadh simplí sa bhfoirm cruthanna soiléire dea-shainithe. D'éirigh go han-mhaith sa scrúdú leis na hiarrthóirí sin a ghabh go córasach trí na céimeanna mar ghréasa, mar ghearradh, mar chlódóireacht, mar chlárú, mar fhorchlódóireacht agus a bhain triail as páipéar daite uigeachta. Luaigh na scrúdaitheoirí go raibh lochtanna sa chur chuige a bhain le híomhánna tánaisteacha a líniú go díreach ar bhloclíonóil gan ionchur pearsanta ar bith ó na hiarrthóirí. Ag an raon d'íseal marcanna, do léirigh an saothar go raibh an próiseas neamhshlánaithe gan triail ar bith curtha i gcéill.

Ceist 6:            ***Puipéadacht***

Níor éirigh go ró-mhaith anseo leis na hiarrthóirí ag an Ghnáthleibhéal. Ba bheag an ranníocaíocht a rinne na réamhsceitsí chun puipéid fhadsaolacha inoibre a dhearadh agus a dhéanamh. Bhí sé soiléir gur chaith na hiarrthóirí an iomad ama ar mhionsonraí seachas ar an struchtúr a shlánú agus de bhrí sin fágadh cuid de na puipéid gan chríochnú. Minic go leor, baineadh feidhm as ábhair mhí-oiriúnacha mar chré, mar shampla. Bhí na hiarrthóirí gafa ró-mhór i gcarachtar an phuipéid a chruthú seachas ar dheimhniú a dhéanamh gur oibrigh sé.

Ceist 7:            ***Scáilphriontáil***

Chonacthas go raibh easpa saineolais anseo san scáilphriontáil. Níor rinneadh na dearaí a fhorbairt chomh fada leis an gcur i gcrích agus léirigh na hiarrthóirí easpa eolais ar scileanna na ceirde a bheadh de dhíth chun sampla de scáilphriontáil a

tháirgeadh. Go minic bhí an clárú míchruinn agus de thoreadh sin, cuireadh deacrachaí clódóireachta i láthair.

Ceist 8:            ***Teicstílí Lámhphriontála***

Bhí cuid de na freagraí anseo ar fheabhas ar fad agus san áireamh iontu bhí na baille cheirde mar fhorphriontáil, mar chlárú, mar ghréas, mar rithim, mar dhath agus mar uigeacht. Bhí easpa pleanála agus ullmhúcháin i gceist san saothar measartha agus dá bhrí sin beifear ag súil le níos mó béime ar chleachtadh reatha maidir le ceird le linn an timthrialla shinsearaigh.

Ceist 9:            ***Baitic***

Go ginearálta, do thaispeáin na hiarrthóirí eolas an-mhaith ar gach céim agus nós imeachta atá riachtanach chun Baitic a tháirgeadh. Bhí na réamhsceitsí dírithe ar an obair faoi chaipildil agus bhí ardchaighdeán ar an dearadh i ndeireadh thiar dá bharr. Rinneadh an tumadh go héifeachtach, roghnaíodh dathanna maithe agus coimeádadh smacht ar an obair iomlán. Ba chóir a nótáil gurb é tuairim na scrúdaitheoirí gur rinne mionlach iarrthóirí na réamhsceitsí a tháirgeadh tar éis an Baitic a bheith críochnaithe. Ba chóir an nós imeachta sin a sheachaint sa teagasc agus sa bhfoghlaim de bhrí go bhfuil a leithéid friththáirgiúil ar dhea-chleachtadh.

Ceist 10:          ***Criadóireacht***

Bhí roinnt iarrthóirí ann a rinne freagraí a chur i láthair a bhí samhlaíoch agus corraitheach agus ar chaighdeán an Ardleibhéil iad. Bhí sé soiléir go raibh dea-chleachtadh i gceist sa phróieas uile ó na réimhsceitsí ar aghaidh go dtí an bailchríoch. Thaispeáin na hiarrthóirí, ar ardmharcanna iad, go raibh siad eolach ar cad d'fhéadfaí agus nach bh'fhéadfaí a dhéanamh le hábhair cheirmeacha.

Ceist 11:          ***Bróidnéireacht***

I gcás na Bróidnéireachta, b'annamh a fuarthas réamhsceitsí. Dá bhrí sin, ba bheag an fhianaise a cuireadh i láthair a thaispeánfadh an inniúlacht chun freagairt na ceiste a dhearadh agus a chur i gcrích. Tá cabhair de dhíth ag iarrthóirí an Ghnáthleibhéil a bheadh dírithe ar chonas an cheird seo a láimhseáil.

Ceist 12:          ***Snoíodóireacht Adhmaid***

Is é a bhí faoi deara, gan an chuid ba mhó de na míreanna um Snoíodóireacht Adhmaid a bheith sásúil, ná gan aire a dhiriú ar réitigh chuí dheartha a fhorbairt i dtús báire. Chomh maith le sin, bhí easpa scileanna agus cleachta go forleathan sa chur chuige ar chonas an mhír dheireanach a dhéanamh.

Ceist 13:      **Miotalóireacht**

Níor thogh dalta Gnáthleibhéil ar bith an cheist seo sa bhliain 2001.

Ceist 14:      **Múnlóireacht**

Bhí iarrthóirí ann nár chuir réamhsceitse ar bith ar fáil. Bhí na scrúdaitheoirí ar an tuairim gur rinne iarrthóirí eile a gcuid réamhsceitsí a tháirgeadh ag deireadh an scrúdaithe mar chruthú ar *seo mar ar rinne mé é*. Na hiarrthóirí sin a ghnóthaigh ardmharcanna, bhí siad eolach go maith ar an bpróiseas uile agus thaispeáin siad deascileanna ar ábhair a láimhseáil agus thuig siad go beacht a gcuid airí agus a gcuid teorainneacha.

**2.2.5    *Scitseáil Bheo-Abhair***

Bhí sé soiléir go raibh na hiarrthóirí a b'fhearr anseo sa Ghnáthleibhéal muiníneach as úsáid líne agus toin. Dob é tuairim na scrúdaitheoirí go raibh ardú mór tagtha ar chaighdeán na bhfreagraí an bhliain seo. Bhí na sceitsí a léirigh an chéad staidiúir níos cinnte ná mar a bhí siad sa dara ceann. Bhain an dúshlán ba mhó leis an leagan amach agus leis an chomhréir – bhí sé de chlaonadh an cloigeann agus na cosa a bheith neamhchomhréireach sa chéad staidiúir – i gcás an dara staidiúir, bhí sé mar dhúshlán níos mó an cuspa ina s(h)uí a eagrú go rathúil ar an mbileog ach d'éirigh níos fearr leo siúd a roghnaigh ar sceitse a dhéanamh den chloigeann agus na guaillí. Peann luaidhe ar chúlra bán, b'shin an cur chuige ba mhó éileamh. Mar sin féin, do thaispeáin an úsáid a baineadh as pastail ola agus chailce, as fíoghual agus, i gcásanna ar leith, as péint go raibh na hiarrthóirí ag iarraidh a gcuid freagraí féinigh a chur i láthair go pearsanta. Chun an fhíor dhaonna a sceitseáil go rathúil ní mór an inniúlacht le haghaidh breathnóireachta agus taifid ghrafaigh a bheith ag an dalta agus déantar na scileanna sin a cnuasach trí chleachtadh, is mó, agus trí an meán marcála oiriúnach a roghnú chuige. Chuir formhór iarrthóirí an bhéim ar dhathanna agus ar chomhréir agus do rinne siad cruth agus toirt a chur in iúl trí línte, agus anois is arís trí leacht, a bheith trialach nó trom. I gcás iarrthóirí ar íseal marcanna, bhí cumadh scéimreach ar na sceitsí a cuireadh i láthair, a chruthaigh easpa cleachta agus treorach.



## 2.2.6 Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne

### *Ránnóg 1 – An Ealaín in Éirinn*

Ceist 1: B’shin an dara ceist ba mhó éileamh sa bhliain 2001. Sa chéad chuid den cheist, do rinne na hiarrthóirí na gréasa a sceitseáil ach do theip orthu go minic iad a ainmniú. Na daoine a lean na ceannlínte, bhí a gcuid freagraí iontuigthe agus struchtúrtha. Bhí easpa éirime ag baint leis na tuairiscí ar mhaisiú agus ar fheidhm ach bhí na hiarrthóirí eolach go leor ar dhearadh agus ar an struchtúr a bhain leis na tuamaí agus do rinne siad a gcuid freagraí a léiriú le léiriúcháin éifeachtacha. Rinne mórán iarrthóirí trí cinn de thuamaí a léiriú agus a thuairisciú.

Ceist 2: Seo í an cheist ba mhó éileamh i Ránnóg 1. D’fhéadfaí mórán faisnéise a fháil ó na léiriúcháin. Go ginearálta, agus tuairiscí á scríobh acu ar na hArdchrosa, rinne na hiarrthóirí tagairt do thrí cinn de chosúlachtaí agus do thrí cinn d’éagsúlachtaí ach níor rinneadh tagairt do mórán faisnéise ina dtaobh.

Ceist 3: Níor thug ach mionlach iarrthóirí faoin gceist seo. Freagraí ginearálta is mó a fuarthas nach raibh iontu ach beagán eolais ar chúlra agus ar struchtúr na mainistreacha agus na gcloigthishe.

Ceist 4: Thug líon mór iarrthóirí faoin gceist seo. Rinne formhór díobh dea-ullmhúchán agus do chuir siad mionfhaisnéis faoin Casino ag Marino i láthair, iad ag baint feidhme as sceitsí chun a gcuid freagraí a thacú. Mar sin féin, ba bheag an líon a chuir faisnéis chúlra i láthair nó a rinne an t-ailtíre a shainathint.

Ceist 5: Bhi an-éileamh ar an gceist ar Roderic O’Connor. Ní beag an méid eolais chúlra a cuireadh i láthair agus an pictiúr á phlé ag na hiarrthóirí ach theip ar an bhformhór tuairim phearsanta a lua.

Ceist 6: Bhí an mionlach iarrthóirí a thug faoin gceist seo eolach go maith ar obair an ealaíontóra a roghnaíodh, nó bhí a c(h)uid oibre feicthe acu cheana, agus dá bhrí sin cuireadh freagraí fada i láthair.

## ***Ránnóg 2 – An Ealaín Eorpach***

Ceist 7: Bhí an t-éileamh ba mhó ar an gceist seo i Ránnóg 2. Go ginearálta, níor thug na hiarrthóirí mionsonraí ina gcuid freagraí agus níor thug siad tacaíocht ar a gcuid freagraí le sceitsí. Chuir an formhór cur síos ginearálta i láthair ar na tréimhsí Rómhánúla agus Gotacha gan bacaint leis na ceannteidil a moladh. Rinne líon mór meascán idir an dá léiriú, a chuir in iúl nach rabhthas in ann an dá stíl ailtíreachta a shainaithint agus a idirdhealú. Iarrthóirí ar ardmharcanna iad, thug siad ollfhaisnéis ar an gcúlra, go mór mór ar theicnícíochtaí tógála mar aon le téarmaíocht chuí agus sceitsí éifeachtacha.

Ceist 8: Thug líon réasúnta mór iarrthóirí faoin gceist seo. Go minic níor rinneadh tagairt ar bith do Thógáil Anuas den Chros ach rinneadh cur síos fada ar Ghabháil Chríost. De ghnáth, níor cuireadh mórán faisnéise, ar na hathruithe a rinne Giotto, i láthair agus fágadh sceitsí ar lár. Ar an lámh eile, thug na hiarrthóirí maithe lánmhionsonraí ag baint feidhme éifeachtaí díobh as na ceannteidil agus as na léiriúcháin a cuireadh ar fáil dóibh.

Ceist 9: Baineadh feidhm éifeachtach as an léiriúchán agus as na ceannteidil mholta a thionlaic an cheist agus de thoradh sin, bhí na freagraí dírithe go beacht ar Fhéinphortráid Durer. Ma sin féin ba bheag an tuiscint a sholáthar formhór iarrthóirí ar scaipeadh na dtionchar le linn an Renaissance

Ceist 10: An líon mór iarrthóirí a roghnaigh an cheist seo, do léirigh siad eolas maith ar shaothar Michelangelo agus chuir siad sceitsí i láthair mar thacaíocht. Ba bheag an t-eolas, áfach, a soláthraíodh ar shuíomh a chuid saothar agus rinneadh meascán go minic idir é agus Leonardo.

Ceist 11: Bhí éileamh mór ar an gceist seo. De ghnáth rinneadh cur síos fada ar mhír (b), Impriseanachas, agus tugadh neamhshuim do (a) agus (c). De thoradh a leithéide, cailleadh marcanna.

Ceist 12: Do sholáthar an léiriúchán agus na ceannteidil mholta cabhail tagartha éifeachtach d'iarrthóirí freagairt ar Ghrianghraf Brionglóideach Lámhphéinteáilte le Salvador dalí. Ina léithéid de chás fuarthas ardmharcanna de bharr a gcuid freagrachtaí a bheith chomh leathan agus chomh fairsinge is a bhí.

Ceist 13: Ní raibh mórán éilimh ar an gceist seo. Rinneadh formhór freagraí iarracht ar chur síos a dhéanamh ar Chruinneachán an Míle Bliain ach ba bheag an t-eolas a taispeánadh ina leith.

### ***Ránnóg 3 – Léirthuisicint***

Ceist 14: Do chabhraigh freagraí mionsonraithe agus sceitsí mar thacaíocht le hardmharcanna a ghnóthú sa cheist seo ba mhór-éileamh. Mar sin féin fuarthas freagraí neamhfhorbartha ar dhéantús málaí agus ar stóráil.

Ceist 15: Formhór iarrthóirí a roghnaigh an cheist seo, a raibh éileamh mór uirthi, rinne siad cur síos ar thaispeántas a bhí feicthe acu le linn na bliana mar chuid den chlár, ach samhlaíodh go raibh na freagraí réamhullmhaithe acu. Rinne siad tagairt d'oibreacha an taispeántais ach theip orthu na gnéithe eile den cheist a aitheasc.

Ceist 16: Agus an cheist seo dá fhreagairt acu, níor rinne na hiarrthóirí na gnéithe a bhain le hamharc agus le scileanna ealaíne agus deartha a aitheasc. Bhí na sceitsí, i gcoitinne, áfach, ar fheabhas ar fad.

Ceist 17: Bhí an-éileamh ar an gceist seo ar fhiseáin cheoil. Sa mhéid go raibh suim ag daltaí ina leithéid d'ábhar, chabhraigh sé sin leo freagraí maithe a chur i láthair. Tharla, áfach, gur chuir an focal *teicníocht* meascán mearaí ar roinnt iarrthóirí agus bhí tionchar aige sin ar na freagraí.

Ceist 18: Bhí sé soiléir go leor go raibh eolas thar an ghnáth ag iarrthóirí ar ríomhairí agus samhlaíodh gur bhain siad an-taithneamh as an deis cun an cheist, a raibh an-éileamh uirthi, a fhreagairt. An ghné den cheist a bhain le feidhmiú an spárálaí scáileáin, rinne sí freagraí samhlaíocha agus bunúsacha a ghiniúint a bhí faoi deara ardmharcanna a ghnóthú.

Ceist 19: Bhí an-éileamh ar an gceist seo. Rinneadh miontagairt don chéad chuid den cheist ach fágadh amach an chuid sin a rinne déileáil leis na baill *radharcacha* ..... *de stíl foilt*. Do thug sceitsí éifeachtachta tacaíocht do na freagraí.

Ceist 20: Níor thug ach líon beag iarrthóirí faoin gceist seo agus níor tugadh freagra mionsonrach ach ar (b) amháin. Theip orthu na ceanteidil mholta i mír (a) a aitheasc agus dá bhrí sin ní bhfuarthas ach ísealmharcanna. Is annamh a cuireadh sceitsí i láthair.

### ***2.3 Tráchtanna agus Moltaí***

Luaitear na tráchtanna agus na moltaí a leanas chun dearbhthacaíocht a thabhairt don mhodh teagaisc agus don phróiseas foghlamtha.

- Ba chóir féachaint ar phéintéireacht mar shíneadh don dearadh seachas mar an dara céim, áit a chuirtear dathanna ar dhearadh. Ba chóir iarrthóirí a spreagadh oibriú de thoradh breathnóireachta díri chomh minic agus is féidir agus sa tslí sin eolas a fhorbairt ar bhaill cheapacháin mar aon le freagairt phearsanta, chruthaitheach ar dhathanna.
- Moltar an fhorbairt leanúnach, mar a léiríodh i scrúdú na bliana 2001, a bhaineann leis an bhfreagairt phearsanta, chruthaitheach ar Ábhar Neamhbheo agus ba chóir spreagadh sa bhreis a thabhairt di. Cuirtear i gcuimhne scoileanna cloí le treoracha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir leis an scrúdú san Ábhar Neamhbheo.
- Ba chóir go mbeadh sé mar bhunús an teagaisc san ábhar Gréaschóiriú féachaint ar choincheap an deartha mar phróiseas a bhaineann le réiteach faidhbe agus le pleanáil.
- Ba chóir d'iarrthóirí a spreagadh, le linn teagaisc sa rang, an cheist a roghnaíonn siad sa scrúdu a anailísiú agus ansin freagra a thabhairt ar a n-iarrtar ortu. Déantar na ceannteidil mholta agus na léiriúcháin, a théann leo (áit a bhfuil siad faoi iamh), a dhearadh chun na ceisteanna a dhéanamh inghlactha d'iarrthóirí agus cabhail tagartha, mar sin, a chur ar fáil le haghaidh na bhfreagraí.
- Ba chóir mic léinn a ghríosadh oibreacha neamhaithnidiúla a phlé agus a luacháil mar chuid den staidéar leantach ag an timthriall sinsearach. D'fhéadfadh a leithéid de nós imeachta muinín na mac léinn a fheabhsú agus iad ag iarraidh saothar, nach bhfacthas cheana, a phlé i suíomh scrúdaithe.
- Bhí go leor iarrthóirí ann a chuir téamaí réamhullmhaithe i láthair mar fhreagraí cé nach raibh baint dá laghad ag na téamaí sin, go minic, le hábhar na ceiste. Ní foláir nó go raibh siad neamhchleachtach ar úsáid an ábhair sin le haghaidh anailíse, plé agus codarsnacha.

- I go leor cásanna dealraíodh go raibh eolas maith ag iarrthóirí ar an téama ábhartha ach nach raibh siad in ann an t-eolas sin a chur i bhfeidhm ar an léiriú. Dealraíonn sé gur bheag an taithí radharcach a bhí ag iarrthóirí ar an fhaisnéis a bhí curtha de ghlanmheabhair acu.

## 2.4 Aguisíní

### Aguisín A: Ealaín – Ardleibhéal

1999 n = 6987

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1.1	2.8	4.1	7.2	9.7	11.9	12.9	14.0	12.6	9.7	8.7	5.0	0.3	0.1

2000 n = 6977

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1.6	3.2	4.8	8.8	10.3	13.3	13.5	13.7	11.4	8.9	6.8	3.6	0.2	0.0

2001 n = 6450

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1.2	2.7	5.6	9.4	12.9	15.6	15.6	13.2	10.6	7.3	4.5	1.2	0.1	0.0

### Aguisín B: Ealaín – Gnáthleibhéal

1999 n = 2986

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
1.1	2.7	4.5	9.2	12.6	14.3	16.2	13.0	10.2	7.5	5.5	2.1	0.7	0.2

2000 n = 2936

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
0.9	2.4	3.3	8.0	11.0	13.5	16.1	14.7	11.5	7.6	6.2	3.5	1.2	0.2

2001 n = 2986

A1	A2	B1	B2	B3	C1	C2	C3	D1	D2	D3	E	F	NG
0.6	1.6	3.3	6.8	9.2	15.3	14.1	16.9	12.2	8.6	7.0	3.1	1.0	0.3